



**ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003  
SCÉIM TEANGA  
2017 - 2020**

## **Clár na nÁbhar**

<b>Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .....</b>	<b>3</b>
1.1 Réamhrá .....	3
1.2 Ullmhú agus Inneachar na Scéime .....	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime .....	3
<b>Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Oifig an Ombudsman do Leanáí .....</b>	<b>4</b>
2.1 Ról agus Téarmaí Tagartha .....	4
2.2 Príomhfheidhmeanna .....	4
2.3 Príomhsheirbhísí .....	4
2.4 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara .....	5
<b>Caibidil 3: Sonraí faoi Sheirbhísí atá á gcur ar fáil i mBéarla/Dáttheangach ..</b>	<b>7</b>
<b>Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú .....</b>	<b>8</b>
<b>Caibidil 5: Inniúlacht Gaeilge a fheabhsú.....</b>	<b>13</b>
5.1 Earcaíocht .....	13
5.2 Oiliúint agus Forbairt .....	13
5.3 Poist Shainithe Gaeilge .....	14
<b>Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú .....</b>	<b>14</b>
<b>Caibidil 7: Foilsiú na Scéime Aontaithe.....</b>	<b>15</b>

## **Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra**

### **1.1 Réamhrá**

Foráiltear in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 do chomhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a chuireann siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus;
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a dhéanfar lena chinntiú go soláthrófar trí mheán na Gaeilge aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht amhlaidh faoi láthair laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, beidh feidhm ag scéim teanga go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

### **1.2 Ullmhú agus Inneachar na Scéime**

Agus an scéim seo á cur i dtoll a chéile, tugadh aird ar leith ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ina theannta sin, réachtáladh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí treoraithe ag an bprionsabal gur chóir do sholáthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar:

- an bunéileamh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i leith a leithéid de sheirbhísí a sholáthar, agus
- na hacmhainní, acmhainní daonna agus airgeadais ina measc, agus cumas Oifig an Ombudsman do Leanaí chun an inniúlacht teanga is gá a fhorbairt.

Cuireann an scéim seo le Prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus lenár gCairt Custaiméirí. Cuireadh i dtoll a chéile í d'fhonn a chinntiú go dtabharfaidh Oifig an Ombudsman do Leanaí faoi gach ceanglas bainteach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn incriminteach, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna eile amach anseo.

### **1.3 Dáta tosaithe na Scéime**

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 09 Eanáir 2017 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

## **Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Oifig an Ombudsman do Leanaí**

Oifig neamhspleách is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí. Bunaíodh an Oifig de bhun dlí darb ainm an tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

### **2.1 Ról agus Téarmaí Tagartha**

De réir an dlí sin, tá dhá phríomhról ag an Ombudsman do Leanaí:

1. plé a dhéanamh le gearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga, nó a dhéantar thar a gceann, faoi bhearta eagraíochtaí poiblí.
2. cearta agus leas leanaí agus daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a chur chun cinn.

Áirítear ar shaothar Oifig an Ombudsman do Leanaí chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn:

- a fháil amach cé na rudaí is údar imní do leanaí agus daoine óga agus a gcuid tuairimí a chur in iúl don Rialtas agus do dhaoine eile a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm orthu;
- tacú le daoine, leanaí agus daoine óga ina measc, fáil amach faoi chearta leanaí agus faoi cén chaoi a bhféadfaí meas a léiriú do na cearta sin agus iad a chosaint agus a chomhlíonadh;
- comhairle a thabhairt don Rialtas agus do dhaoine eile d'fhonn a chinntiú go léiríonn dlíthe agus pleananna a mbeidh feidhm acu ar leanaí agus daoine óga meas do chearta an linbh;
- eagraíochtaí poiblí a spreagadh chun oibriú ar bhealaí a chuireann cearta agus leas leanaí agus daoine óga chun cinn; agus
- taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú le tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna atá tábhachtach i saol leanaí agus daoine óga.

Tá tuilleadh eolais faoi shaothar Oifig an Ombudsman do Leanaí le fáil ar ár láithreán gréasáin, [www.oco.ie](http://www.oco.ie).

### **Fís Oifig an Ombudsman do Leanaí**

Is mian linn go mbeidh Éire ina tír ina dtugtar cluas ghníomhach do gach leanbh agus duine óg agus ina léirítear meas dóibh ionas go mbeidh saol slán sábháilte, sásúil agus sona sásta acu.

Bainfidimid leas as ár neamhspleáchas agus as ár gcumhachtaí oiread agus is féidir linn chun an fhís sin a bhaint amach.

### **Treoirphrionsabail Oifig an Ombudsman do Leanaí**

Seo a leanas na rudaí atá mar spreagadh againn mar fhoireann:

Comhbhách – is tábhachtaí linn leanaí agus daoine óga agus táimid ag iarraidh go dtiocfaidh feabhas ar a saol.

Neamhspleách – tá tábhacht nach beag ag baint lenár neamhspleáchas ionas gur féidir linn ar gá a rá a rá agus tabhairt ar eagraíochtaí poiblí míniú a thabhairt ar a ndéanann siad.

So-aimsithe – tugaimid cluas do leanaí agus daoine óga, chomh maith leis na daoine fásta a thugann aire dóibh agus a oibríonn leo.

Údarásach – nuair a labhraímid amach ar son leanaí agus daoine óga déanaimid ar bhealach muiníneach é. Tugann taighde dár gcuid féin agus an dlí lenar cuireadh Oifig an Ombudsman do Leanaí ar bun cumhacht dár gcuid focal.

Nuálach – is smaointeoirí cruthaitheacha muid agus tá suim againn i mbealaí nua a chur chun cinn le hoibriú le leanaí agus daoine óga, agus ar a son.

Trédhearcach – is mian linn go mbeidh gach a ndéanaimid oscailte agus sothuigte ionas go bhféadfaí iarraidh orainn míniú a thabhairt ar ár gcuid oibre.

Fágann sé sin go bhfuilimid, mar fhoireann, tiomanta do sheirbhís ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus go gcaithfidimid leat go béasach, go measúil agus le dínit i gcónaí.

## **2.2 Príomhfheidhmeanna**

Tá croífhaidhmeanna na hOifige leagtha síos san Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 (arna leasú):

- Gearáin arna ndéanamh ag leanaí agus daoine óga, nó thar a gceann, a fháil, a iniúchadh agus a fhiosrú,
- Taighde a dhéanamh ar chearta agus leas an linbh, agus comhairle neamhspleách a chur ar fáil ar fhorbairtí reachtacha agus beartais phoiblí a mbeidh feidhm acu ar leanaí agus daoine óga.
- Cearta agus leas an linbh a chur chun cinn ach feidhmiú mar ghuth neamhspleách ar son na leanaí agus na ndaoine óga uile in Éirinn agus cluas a thabhairt do leanaí agus daoine óga ar shaincheisteanna a théann i gcion orthu agus is údar imní dóibh.

## **2.3 Príomhsheirbhísí**

- Déileáil le gearáin go neamhspleách
- Oideachas agus Rannpháirtíocht
- Reachtaíocht agus Beartas

## **2.4 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara**

Tá de chumhacht ag Oifig an Ombudsman do Leanaí breathnú ar ghearáin faoi ranna Rialtais, scoileanna, agus comhlachtaí poiblí a chuireann seirbhísí ar fáil nó a dhéanann cinntí faoi leanaí agus teaghlaigh nó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil thar ceann an Stáit. Is féidir le leanaí (aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois) gearán a dhéanamh go díreach le hOifig an Ombudsman do Leanaí ar rud éigin a bhaineann leo.

Is féidir le daoine fásta gearáin a dhéanamh thar ceann leanaí agus daoine óga chomh maith. Is minic a dhéanann tuismitheoirí nó daoine muinteartha gearáin leis an Oifig thar ceann a leanaí, ach is ceadmhach do ghairmithe, ar nós múinteoirí agus oibrithe óige, gearáin a dhéanamh freisin. I measc na bpáirtithe leasmhara eile tá ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, gníomhaireachtaí sláinte, ospidéal poiblí agus dheonacha, comhlachtaí oideachais, comhlachtaí stáit eile agus gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí.

### Caibidil 3: Eolas faoi sheirbhísí atá á gcur ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach faoi láthair

Eolas faoi sheirbhísí atá á gcur ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair; lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

Seirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair		
Seirbhísí	I mBéarla amháin	Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Comhairle don Rialtas ar phíosáí reachtaíochta a bhaineann le leanaí	✓	
Aighneachtaí ar thograí beartais phoiblí a bhaineann le leanaí	✓	
Tuairiscí Speisialta don Oireachtas	✓	
Tuairiscí do chomhlachtaí NA	✓	
Taighde a fhoilsiú ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas an linbh	✓	
Comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga	✓	
Ceardlanna oideachasúla ar chearta an linbh a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga	✓	
Láithreán gréasáin 'It's Your Right'		Tá an chuid is mó d'inneachar an láithreáin i mBéarla faoi láthair. Tá roinnt den chroí-inneachar ar fáil i nGaeilge freisin.
Ábhair oideachasúla a chur ar fáil do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna		✓Cuirtear ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon <b>ábhair oideachasúla</b> a fhoilsítear chun éascaíocht a dhéanamh ar chearta an linbh a theagasc agus a fhoghlaim i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
Seirbhísí Corparáideacha	✓	
Líne Shaorghlao Gearán	✓	
Gearáin siúil isteach	✓	
Gearáin a admháil agus freagairt orthu		✓
Daoine a chur ar aghaidh chuig eagraíochtaí eile		✓
Gearáin a iniúchadh		✓

Gearáin a fhiosrú	✓	
Bualadh le gearánaithe agus comhlachtaí in-athbhreithnithe		✓
Ráitis fiosraithe a chur ar fáil do na páirtithe ábhartha		✓, má iarrtar
For-rochtain do pháirtithe leasmhara	✓	

#### Caibidil 4: Soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú

Is [ceanglais éigeantacha](#) faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 iad na forálacha atá scáthaithe liath sa tábla thíos.

Bealach cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais	
<b>Fógairtí Taifeadta Béil</b>	<b>Fógairtí Taifeadta Béil</b>	<p>Beidh na fógairtí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógairtí taifeadta béil a thugtar ar an bhfón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógairtí taifeadta béil a tharchuirtear trí mheán córas callaireachta poiblí;</p> <p>(c) Fógairtí a chruthaítear agus a tharchuirtear trí mheán córas ríomhairithe teachtaireachta nó córas ríomhairithe freagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógairtí ‘taifeadta’ seachas ‘fógairtí beo’.</p> <p>I gcás Ordú Logainmneacha a bheith i bhfeidhm, éilítear ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm atá sonraithe san Ordú sin a úsáid i bhfógairtí taifeadta béil a dhéanann sé nó a dhéantar thar a cheann.</p>	Éigeantach
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Litreacha agus Ríomhphost</b>	Tabharfar freagra ar gach cumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach



	<b>Stáiseanóireacht</b>	Cuirtear na ceanteidil ar stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar litreach, duillíní deamhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach.	Éigeantach
<b>Comharthaí</b>	<b>Comharthaí</b>	Ní mór do gach comhartha a chrochann Oifig an Ombudsman do Leanaí, nó a chrochtar thar a ceann, a bheith i nGaeilge amháin nó dátheangach, de réir na rialúchán (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i gcomhthráth lena chéile i nGaeilge agus i mBéarla.  De bhreis ar na Tuarascálacha Bliantúla, leanfar de na tuairiscí a fhoilsíonn an tOmbudsman de réir alt 6 (7) den Acht Ombudsman, 1980 a fhoilsiú go dátheangach.	Éigeantach
	<b>Imlitreacha/Cor Poist</b>	Nuair a dhéanann Oifig an Ombudsman do Leanaí cumarsáid i scríbhinn nó cumarsáid tríd an ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun críche eolas a thabhairt don phobal nó don aicme sin, déanfaidh an comhlacht cinnte de go mbeidh an chumarsáid i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Úsáidfídh an comhlacht poiblí na logainmneacha oifigiúla atá ar cheantair Ghaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Tabharfaidh an tOmbudsman do Leanaí faoi na liostaí beart seo a leanas i dtaca le gach seirbhís chomh maith.

<b>Bealach cumarsáide leis an bpobal</b>	<b>Gealltanais</b>	<b>Amlíne Faoi Dheireadh</b>
--	--------------------	------------------------------

			Bhliain 1/ Bhliain 2/Bhliain 3
<b>Cumarsáid ó Bhéal / i Scríbhinn</b>	<b>Fáiltiú</b>	Beidh foireann an fháiltithe eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus úsáidfidh iad.  Cuirfear ar fáil liosta cothrom le dáta de na baill foirne siúd ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>  <b>Faoi Dheireadh Bhliain 2</b>
	<b>Seirbhís Duine le Duine/Seirbhís Chuntair</b>	Beidh baill foirne eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<b>Lasc-chlár</b>	Beidh foireann an fháiltithe eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus beidh in ann an glao a aistriú chuig baill foirne eile a bhfuil Gaeilge ar a t(h)oil aige/aici.  Cuirfear ar fáil do gach ball foirne liosta de na baill foirne siúd ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge.	<b>Deireadh Bhliain 3</b>
	<b>Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón</b>	Cuirfear treoir ar fáil do bhaill foirne maidir le déileáil le glaonna teileafóin ó bhaill den phobal i gcoitinne a bhfuil Gaeilge acu.  Beidh formhór na mball foirne eolach ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<b>Fógairtí Taifeadta Béil</b>	Féach thuas	
	<b>Fógairtí Beo</b>	Féach thuas	
	<b>Bileoga / Bróisiúir Eolais</b>	Beidh na leabhráin is minice úsáid ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon agus cuirfear aon eolas eile ar fáil de réir éileamh an phobail.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Tá foirmeacha gearáin ar fáil ar líne i nGaeilge agus i mBéarla araon.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>

	<b>Gearáin agus fiosrúcháin a bhainistiú</b>	Déanfar éascaíocht ar ghearánaí a dteastaíonn uaidh/uaithi seirbhís i nGaeilge agus a iarrann cruinniú lena c(h)ás a phlé. Sannfar ball foirne atá inniúil an cás a stiúradh i nGaeilge má bhfaightear i nGaeilge é agus más iomchuí.	<b>Deireadh Bhliain 3</b>
	<b>Ceardlanna Scoile agus cuairteanna ó dhaoine óga</b>	Nuair is gá, cuirfear ceardlanna oideachasúla ar chearta an linbh ar fáil do leanaí agus daoine óga i nGaeilge go pointe áirithe.	<b>Deireadh Bhliain 3</b>
<b>Na Meáin</b>	<b>Preaseisiúintí</b>	Cuirfear 10% de na preaseisiúintí ar fáil go dátheangach agus eiseofar an dá leagan i gcomhthráth lena chéile.  Eiseofar go dátheangach gach uile phreaseisiúint a bhaineann go sonrach leis an nGaeltacht nó le saincheisteanna Gaeilge.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>  <b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<b>Urlabhraithe Meán</b>	Cuirfimid oiliúint ar bhall foirne ionas go mbeidh sé/sí in ann idirchaidreamh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge nuair a iarrtar amhlaidh.	<b>Deireadh Bhliain 3</b>
	<b>Óráidí</b>	Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga nó sna teangacha inar tugadh iad.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<b>Eile</b>	Beidh 10% de na teachtaireachtaí ar Twitter dátheangach.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 2</b>
	<b>Faisnéis Teicneolaíocht</b>	<b>Ríomhphost</b>	Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ríomhphoist, amhail séantaí, dátheangach.  Foilseoimid seoladh ríomhphoist ar leith ar ár láithreán gréasáin le haghaidh ceisteanna i nGaeilge.
	<b>Láithreáin Ghréasáin</b>	Cuirfear an t-ábhar statach ar fáil go dátheangach, is é sin an t-ábhar atá ar an láithreán gréasáin nach n-athraíonn.	<b>Deireadh Bhliain 1</b>
	<b>Ríomhchórais</b>	Beidh aon ríomhchórais nua a chuirfear isteach lánábaltá plé leis an nGaeilge.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 2</b>

	<b>Seirbhís Idirghníomhacha</b>	Cuirfear suas ar an láithreán gréasáin reatha naisc chuig na leaganacha Gaeilge de na hAchtanna um Ombudsman do Leanaí agus de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Cruinnithe</b>	Nuair a iarrtar, is i nGaeilge a bheidh cruinnithe a reáchtáiltear sa Ghaeltacht maidir le hiniúchtaí/fiosrúcháin agus cuirfear seirbhísí ateangaireachta Béarla ar fáil.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 2</b>

## Caibidil 5: Inniúlacht sa Teanga a Fheabhsú

### 5.1 Earcaíocht

Beidh earcú ball foirne a bhfuil an leibhéal cuí inniúlachta acu sa Ghaeilge i ngach réimse oibre d'Oifig an Ombudsman do Leanaí ar an bpríomhbhealach le fáil ar sheirbhísí i nGaeilge a bharrfheabhsú. Tabharfar aird inár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir chreat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe, ar an ngá le cumas sa Ghaeilge a fheabhsú ar bhonn incriminteach.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do gach ball foirne nua, ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe d'fhonn a chinntiú go mbeidh siad ar an láneolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí tiomanta do dheiseanna a thabhairt do bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoi na háiseanna/deiseanna atá ann le cabhrú leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú.

		<b>Gealltanais</b>	<b>Amlíne Faoi Dheireadh Bhliain 1/ Bhliain 2/Bhliain 3</b>
<b>Inniúlacht sa Ghaeilge a Fheabhsú</b>	<b>Earcaíocht</b>	Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin do bhaill foirne nua, ina mbeidh cóip de scéim teanga Oifig an Ombudsman do Leanaí.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<b>Oiliúint</b>	Déanfar anailís ar riachtanais oiliúna le sainiúint a dhéanamh ar aon riachtanais oiliúna atá ag foirne le cur ar a gcumas cuspóirí na scéime seo a bhaint amach.  Tabharfar deiseanna le hinniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt, amhail faisnéis faoi chúrsaí a bhfuil rogha ag baill foirne freastal orthu, do bhaill foirne d'fhonn a gcumas in úsáid na Gaeilge a fheabhsú.  Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi acmhainní teanga amhail téarma.ie, teanglann.ie, fóclóir.ie.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>  <b>Faoi Dheireadh Bhliain 2</b>

		larrfar ar bhaill foirne páirt a ghlacadh sa tseirbhís Ghaeilge a chur ar fáil ar bhonn deonach, leanúnach.	<b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b>
	<p><b>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí curtha chun cinn na teanga/Soláthar acmhainní</b></p> <p><b>Poist Ainmnithe Ghaeilge</b></p>	<p>Cuirfear acmhainní ar fáil inár leabharlann le tacú le baill foirne ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.</p> <p>Éascófar rochtain ar eolas faoi acmhainní teanga.</p> <p>Ag féachaint do bheartas an Rialtais ar son soláthar feabhsaithe seirbhísí i nGaeilge, déanfaidh an Oifig sainaitheint ar aon phoist a bhfuil cumas sa Ghaeilge riachtanach lena n-aghaidh faoi dheireadh bhliain 1 den scéim. Déanfar gach uile iarracht a leithéid de riachtanais a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo, ag féachaint do bheartais earcaíochta, ardaíthe céim agus oiliúna, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh sé sin ar chumas na hOifige feabhsú incriminteach na seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach i bhfad níos straitéisí.</p>	<p><b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b></p> <p><b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b></p> <p><b>Faoi Dheireadh Bhliain 1</b></p>

## Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an fhoireann bhainistíochta, .i. lucht ardbhainistíochta na hOifige, monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i ngníomh na scéime ar bhonn rialta.

Beidh fáil ar chóras foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratias ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus déanfar iad a thaifeadadh de réir an chórais atá againn faoi láthair.

## Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Fhógairt go Poiblí

Fógrófar an scéim seo go himmheánach agus go seachtrach, trí phreaseisiúint ar an gcéad dul síos. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus cuirfear timpeall chuig gach ball foirne agus gníomhaireacht chuí é. Is féidir go bhfógrófar an scéim go poiblí ar bhealaí eile chomh maith.

Ina theannta sin, tapóimid gach uile dheis agus muid ag oibriú le custaiméirí ó lá go lá chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur ar a súile dóibh ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoin rogha atá acu plé a dhéanamh linn trí mheán na Gaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur suas i láithreacha fáiltithe a léiríonn na seirbhísí áirithe atá ar fáil i nGaeilge;
- na seirbhísí sin a liostú in áit fheiceálach ar ár láithreán gréasáin;
- a chur in iúl ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge freisin, ach amháin má tá siad dátheangach cheana féin.
- an tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim arna comhaontú ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan **Béarla** den scéim seo an leagan oifigiúil.